Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2009*

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Ardleibhéal*

***(300 marc)***

## *Dé Céadaoin, 17 Meitheamh*
## *Tráthnóna, 2:00 go 5:00*

***(a)*** *Freagair **Ceist 1** agus **ceithre** cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*

**1.** Is urlár inslithe crochta adhmaid é urlár na talún atá suite go dlúth leis an mballa seachtrach i dteach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo. Is blocbhalla coincréite 350 mm é an balla seachtrach agus tá cuas 150 mm ar leithead ann. Tá clár inslithe docht feistithe sa chuas. Tá bailchríoch de chrua-adhmad, 25 mm ar tiús, ar an urlár crochta adhmaid, agus tá teanga agus eitre inti.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus trí urlár crochta adhmaid na talún. Ba chóir go dtaispeánfadh an gearradh na gnáthshonraí tógála ó bhun an fhotha go dtí pointe atá 400 mm os cionn leibhéal críochnaithe an urláir. Cuir isteach **ceithre** ghnáth-thoise ar do líníocht.


**(b)** Taispeáin go soiléir suíomh bacainn a stopfadh an radón ó bheith ag teacht isteach sa teach cónaithe.

**2.** **(a)** Pléigh go mionchruinn **dhá** riachtanas fheidhmiúla a bhaineann leis an bhfotha i dteach cónaithe.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus taispeáin **trí** shaghas éagsúla fotha a bheadh oiriúnach do theach cónaithe. Taispeáin suíomh an treisithe agus tabhair gnáth-thoisí gach cineáil fotha acu.

**(c)** Pléigh **dhá** thoisc nach mór a chur san áireamh le huasneart na coincréite san fhotha a chinntiú.

**3.** **(a)** Pléigh go mionchruinn, ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** mar is cuí, **dhá** riachtanas fheidhmiúla a bhaineann le córas gloinithe comhaimseartha do theach cónaithe nua-aimseartha.



**(b)** Taispeánann an sceitse cuid de fhráma ardghníomhaíochta adhmaid ar fhuinneog agus cumhdach seachtrach alúmanaim air. Pléigh dearadh na fuinneoige agus tú ag tagairt dóibh seo:

- cúinsí timpeallachta
- airíonna teirmeacha.

**(c)** Mol an rogha fráma fuinneoige agus córas gloinithe is fearr do theach nua agus tabhair **dhá** chúis a thacódh le do mholadh.

**4.** Tá an príomhsheomra folctha, a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo, suite ar an gcéad urlár i dteach cónaithe.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus taispeáin **dhá** chúinse dearaidh ba chóir a chur san áireamh nuair atá seomra folctha le suí ar an gcéad urlár i dteach cónaithe.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus taispeáin an phíbobair os cionn talún atá riachtanach leis an bhfuíoll a díluchtú go sábháilte as na fearais seo a leanas:

- báisín níocháin
- folcadán.

Cuir isteach ar do sceitse gnáth-thoisí an fhuíollphíobáin do gach fearas acu.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus taispeáin an tsonraíocht dearaidh is gá leis na gáis ón séarachas a stopadh ó bheith ag teacht isteach sa seomra folctha ag an leithreas.

**5.** **(a)** Bain úsáid as an tsonraíocht seo a leanas agus ríomh U-luach an bhalla seachtraigh ar theach cónaithe nua:

| | | |
|---|---|---|
| Plástar seachtrach | tiús | 12 mm |
| Duille amuigh de bhloic choincréite | tiús | 100 mm |
| Cuas | leithead | 150 mm |
| Insliú | tiús | 100 mm |
| Duille istigh de bhloic choincréite | tiús | 100 mm |
| Plástar inmheánach | tiús | 15 mm |

***Sonraí teirmeacha bhalla seachtrach an tí nua:***

| | | | |
|---|---|---|---|
| Friotaíocht an dromchla sheachtraigh | (R) | 0.048 | $m^2$ °C/W |
| Seoltacht an phlástair sheachtraigh | (k) | 1.430 | W/m °C |
| Seoltacht na mbloc coincréite | (k) | 1.440 | W/m °C |
| Friotaíocht an chuais | (R) | 0.170 | $m^2$ °C/W |
| Seoltacht an inslithe | (k) | 0.018 | W/m °C |
| Seoltacht an phlástair inmheánaigh | (k) | 0.430 | W/m °C |
| Friotaíocht an dromchla inmheánaigh | (R) | 0.122 | $m^2$ °C/W |

**(b)** Bain úsáid as na sonraí teirmeacha thíos agus as an U-luach a fhaightear ag **5(a)** thuas, agus ríomh costas an teasa a chailltear gach bliain:

- trí bhallaí an tí nua atá sonraithe ag **5(a)** agus
- trí na ballaí ar theach a tógadh sna 1970idí a bhfuil U-luach 1.80 W/$m^2$ °C ag an mballa seachtrach air.

***Sonraí teirmeacha***


| | |
|---|---|
| Achar an bhalla sheachtraigh | 152 $m^2$ |
| An mheánteocht inmheánach | 17 °C |
| An mheánteocht lasmuigh | 6 °C |
| U-luach bhalla an tí nua | mar a ríomhadh ag **5(a)** thuas |
| U-luach bhalla an tí ó na 1970idí | 1.80 W/$m^2$ °C |
| Am téimh | 11 uair sa lá, 41 seachtain sa bhliain |
| Costas na hola | 65 cent an lítear |
| Luach calrach na hola | 37350 kJ an lítear |
| 1000 vata | 1kJ an soicind. |

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus taispeáin modh **amháin** chun airíonna teirmeacha bhalla seachtrach an tí a tógadh sna 1970idí a uasghrádú chun riachtanais na Rialachán Foirgníochta reatha a chomhlíonadh.

**6.** **(a)** Pléigh go mionchruinn **trí** bhuntáiste a bhaineann le teach a dhearadh sa chaoi is go mbeidh a laghad tionchar aige ar an timpeallacht agus is féidir.

**(b)** Taispeánann an líníocht a ghabhann leis seo aghaidhchló tí agus bonnchló urlár na talún sa teach. Tá dhá sheomra leapa eile agus seomra folctha i spás an áiléir.
Ag tagairt don dearadh a thaispeántar, bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus pléigh go mionchruinn an tábhacht atá le **gach ceann** díobh seo a leanas a chabhraíonn le tionchar an tí ar an timpeallacht a laghdú:

- scála agus leagan amach
- rogha na n-ábhar
- riachtanais fuinnimh.



**7.** Tá díon gearrtha traidisiúnta sclátaí ar theach cónaithe nua. Tá leithead inmheánach 7.0 méadar sa teach agus tá claonadh 45 céim sa díon, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo. Dearadh an díon sa chaoi go mbeadh cóiríocht do sheomraí leapa i spás an áiléir.
Is de thógáil fráma adhmaid, le duille amuigh de bhloic choincréite, é an balla seachtrach a iompraíonn na giarsaí. Tá giarsaí an urláir den áiléar ar iompar taobh istigh ar bhalla lárnach ualachiompartha.




**(a)** Tarraing, de réir scála 1:10, gearradh ceartingearach trí leath amháin de struchtúr an dín ó leibhéal na sceimhle go dtí an mullach agus taispeáin balla seachtrach amháin agus fad aon rachta amháin. Taispeáin na sonraí tógála uile ó phointe 400 mm faoi bhun ghiarsaí an urláir go mullach an dín, agus taispeáin trí chúrsa sclátaí ag leibhéal na sceimhleacha. Cuir isteach **ceithre** ghnáth-thoise de struchtúr an dín.

**(b)** Taispeáin go soiléir ar an líníocht na sonraí dearaidh le leanúnachas an inslithe ón mballa go dtí struchtúr an díon a thaispeáint.

**8.** **(a)** Baintear úsáid as coire olabhreoslaithe le teas a sholáthar do dhá chrios neamhspleácha teasa, ceann ar gach urlár, i dteach cónaithe dhá stór. Bain úsáid as nótaí agus ***léaráid aonlíneach*** agus taispeáin leagan amach ar dhearadh na píboibre atá riachtanach do gach crios acu. Taispeáin **trí** radaitheoir ar gach urlár, léirigh na comhlaí rialaithe agus tabhair gnáth-thoisí na píboibre.

**(b)** Tá bailitheoir gréine suite ar an díon, mar a thaispeántar sa sceitse, agus tá sé le nascadh leis an gcóras ag **8(a)** thuas chun uisce te a sholáthar sa teach. Taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun an bailitheoir gréine a cheangal leis an gcóras thuas.
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bailitheoir gréine a nascadh leis an gcóras.



**9.** Teastaíonn sonraíocht chúramach dearaidh chun gníomhaíocht aerdhíonachta teach cónaithe a fheabhsú.

**(a)** Sainaithin **trí** bhealach a bhféadfadh sceitheadh aeir tarlú i dteach cónaithe agus, ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** duit, taispeáin an tsonraíocht dearaidh chuí a d'fheabhsódh leibhéal na haerdhíonachta i gach suíomh sceitheadh aeir a shainaithnítear.

**(b)** Pléigh go mionchruinn **dhá** bhuntáiste a bhaineann le gníomhaíocht aerdhíonachta teach cónaithe a fheabhsú.

**10.** **(a)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus pléigh go mionchruinn an tábhacht a bhaineann le **dhá ceann ar bith** díobh sin thíos agus teach éighníomhach gréine á dhearadh:

- imchlúdach inslithe na tógála
- athruithe aeir faoi riail
- an leas is mó a bhaint as an téamh éighníomhach gréine.

**(b)** Taispeántar, sa sceitse a ghabhann leis seo, sraith tithe agus aghaidh na dtithe lánghloinithe. Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus taispeáin an rogha treoshuíomh is fearr do na tithe chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as téamh éighníomhach na gréine. Tabhair fáthanna le do rogha treoshuíomh.



**(c)** D'fheadfadh na tithe eirí róthe sa samhraidh toisc aghaidh na dtithe a bheith lánghloinithe. Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí saorláimhe*** agus taispeáin, i gcás ceann amháin de na tithe, **dhá** shonra dearaidh a chabhródh chun an róthéamh a chosc.

**NÓ**

**10.** **"**Ní hí tógáil tithe an chéad dúshlán eile faoi Éirinn ach an-chuid de na botúin a rinneadh ag gach leibhéal a leigheas, ón bpleanáil réigiúnach síos go dtí dearadh tithe. Ba choir d'ailtirí a bheith ina gceannródaithe agus a léiriú conas is féidir leis an mbealach glas a bheith ina chur chuige an-tarraingteach agus daoine ag machnamh ar an ailtireacht. Má chloímid le gnéithe den ailtireacht – solas, cruth agus spás – agus má fhéachaimid ar an ngrian mar 'phláinéad' a thugann beatha beagnach, is féidir linn slite an-suimiúil a aimsiú chun an solas a úsáid. Is féidir a áiteamh nár cuireadh an treoshuíomh san áireamh agus an chuid is mó de stoc tithe na hÉireann á dtógáil; an treo a raibh an chistin dírithe – is i rudaí simplí mar sin a thagann an ailtireacht agus an dearadh glas le chéile. Rinneadh dearmad ar an-chuid de na rudaí seo agus ní dhearnadh iad a iniúchadh, cionn is go ndeachamar i dtaithí, is dócha, ar an meon aigne gur féidir treoshuíomh lochtach a chealú leis an téamh."

**Sliocht as agallamh le Seán Ó Laoire, Uachtarán RIAI in: *House* (2008).**
**Nova Publishing Teo, 9 Páirc Oifige Áth an Ghainimh, Áth an Ghainimh, B.Á.C. 18.**

Pléigh an ráiteas thuas go mionchruinn agus tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne a chabhródh le tuilleadh den tithíocht mharthanach a chruthú in Éirinn.

Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

2009. M77(L)

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*


***Scrúdú Ardteistiméireachta 2009***
***Leaving Certificate Examination 2009***

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Adhmadóireacht -Triail Phraiticiúil*


# *Construction Studies*
## *Woodwork - Practical Test*

*(150 marc/marks)*


# Music Stand / Seastán Ceoil





Elevation/Aghaidhchló





End View/Taobhchló





Plan/Bonnchló



Shaping of edge is left to the candidate

Fágtar faoin iarrthóir an chorr a chríochnú go cuí

***Note:*** Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.

***Nóta:*** Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Hand up this examination paper to the
**Superintendent** at the end of the examination

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don
**Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe